BILEOG FÍRICÍ NA CÁINAISNÉISE

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Íocaíochta

Éamon Ó Cuív T.D., An tAire Coimirce Sóisialaí

€20.62 billiún le bheith caite ar Choimirce Shóisialach i rith 2011

Tá daoine scothaosta á gcosaint go hiomlán

- Leanfaidh daoine scothaosta dá bPinsean Stáit agus íocaíochtaí eile a fháil, chomh maith le Saorthaisteal, Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce, Liúntas Gutháin agus Liúntas Leictreachais nó Gáis ar na leibhéil atá ann faoi láthair.
- Anuas air sin, ní bheidh aon athrú ar liúntais ar aon leis an Liúntas Maireachtála Aonair, an Liúntas Aoise os cionn 80 Bliain, an Liúntas Breosla agus an Liúntas Oileánaigh.

Cabhrú le daoine filleadh ar obair – 15,000 spás nua

- Seolfar scéim nua oibre ina mbeidh 5,000 spás agus a sholáthróidh deiseanna oibre sa phobal do dhaoine dífhostaithe.
- Soláthrófar 10,000 spás oibre agus intéirneacht bhreise san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon (An Roinn Oideachais agus Scileanna).
- Scéim Dreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí – tá an spriocdháta le haghaidh iarratasóirí nua sínte go dtí deireadh 2011.

Rátaí nua íocaíochta níos ísle do dhaoine faoi bhun 66 bliain d'aois

- Déanfar laghdú €8 (4.1% ar an meán) ar rátaí pearsanta seachtainiúla na bpríomh-íocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine **faoi bhun 66 bliain d'aois**. Is é an príomhráta a bheidh ann i rith 2011 ná €188 in aghaidh na seachtaine (€185.80 i rith 2007).
- Déanfar laghdú €10 (5.1%) ar an ráta pearsanta seachtainiúil de Liúntas Leasa Forlíontach.
- Déanfar laghdú 4.1% in aghaidh na seachtaine (€5.30 sa chuid is mó cásanna) ar an Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe.

Laghdófar na rátaí Sochar Linbh ach ní bheidh aon athrú ar thacaí eile do leanaí

- Beidh rátaí Sochar Linbh €140 in aghaidh na míosa i bhfeidhm le haghaidh an 1ú agus an 2ú leanbh, €167 in aghaidh na míosa le haghaidh an 3ú leanbh agus €177 le haghaidh an 4ú leanbh agus le haghaidh leanaí ar bith eile ina dhiaidh sin.
- Leanfar d'íocaíocht na sochar agus na ndeontas breise le haghaidh breitheanna iolracha.
- Ní bheidh aon athrú ar an Méadú seachtainiúil do Leanbh Cáilithe a íoctar leo siúd a fhaigheann íocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh.
- Coinníodh na scéimeanna seo a leanas go hiomlán: An Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua, An Liúntas Cúram Baile agus An Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í.

Cúramóirí

- Leanfar d'íocaíocht an Liúntais Cúramóra ar leathráta le daoine atá ina gcúramóirí lánaimseartha agus a fhaigheann íocaíocht eile leasa shóisialaigh. Tá íocaíocht bhreise as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin á coinneáil.
- Leanfaidh cúramóirí den Deontas Cúram Faoisimh bliantúil €1,700 a fháil le haghaidh gach faighteoir cúraim.
- Ní bheidh aon athrú ar rátaí an Liúntais Cúramóra do chúramóirí atá 66 bliain d'aois agus os a chionn. Déanfar laghdú €8 (3.8%) ar rátaí na gcúramóirí **faoi bhun 66 bliain d'aois**.

Má tá tuilleadh eolais uait, cuir glaoch gutháin ar an **Roinn Coimirce Sóisialaí** ag
1890 66 22 44 (Íosghlao) 9rn – 5in ó Luan go hAoine agus
Seirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag 1890 777 121 (Íosghlao) 9rn - 9in ó Luan go hAoine
Déan teagmháil leis an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó leis an Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh is gaire duit
Tá eolas ar fáil chomh maith ar www.welfare.ie agus www.citizensinformation.ie
Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann sna rátaí a ghearrtar ar úsáid a bhaint as uimhreacha 1890 (Íosghlao) agus é faoi réir na soláthraithe seirbhíse éagsúla.

RÁTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH 2011

RÁTAÍ ÍOCAÍOCHTA LE DAOINE SCOTHAOSTA - GAN ATHRÚ				
	Rátaí Pearsanta		**Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe**	
	Rátaí Faoi Láthair	**Rátaí 2011**	**Rátaí Faoi Láthair**	**Rátaí 2011**
Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh				
Pinsean Stáit (Ranníocach)/(Eatramhach)				
Faoi bhun 80 bliain	€230.30	**€230.30**	€153.50 (faoi bhun 66)	**€153.50 (faoi bhun 66)**
80 bliain agus os a chionn	€240.30	**€240.30**	€206.30 (os cionn 66)	**€206.30 (os cionn 66)**
Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir/Sochar Banchéile Thréigthe				
66 bliain agus faoi bhun 80 bliain	€230.30	**€230.30**		
80 bliain agus os a chionn	€240.30	**€240.30**		
Pinsean Easláine				
65 Bliain	€230.30	**€230.30**	€206.30 (os cionn 66)	**€206.30 (os cionn 66)**
Pinsean Sochar Báis				
66 bliain agus faoi bhun 80 bliain	€234.70	**€234.70**		
80 bliain agus os a chionn	€244.70	**€244.70**		
Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh				
Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)				
66 bliain agus faoi bhun 80 bliain	€219.00	**€219.00**	€144.70	**€144.70**
80 bliain agus os a chionn	€229.00	**€229.00**		
Liúntas Cúramóra				
66 bliain agus os a chionn	€239.00	**€239.00**		

Rátaí Nua Sochar Linbh

Líon na leanaí	**Ráta Míosúil 2010 €**	**Ráta Míosúil 2011 €**	**Luach Bliantúil 2011 €**
1 leanbh amháin	150	**140**	1,680
2 leanaí	300	**280**	3,360
3 leanaí	487	**447**	5,364
4 leanaí	674	**624**	7,488
5 leanaí	861	**801**	9,612
6 leanaí	1,048	**978**	11,736
7 leanaí	1,235	**1,155**	13,860
8 leanaí	1,422	**1,332**	15,984

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT) do theaghlaigh atá fostaithe. Níl aon athrú ar na teorainneacha ioncaim

Méid an Teaghlaigh	**Teorainn Ioncaim Sheachtainiúil 2010 €**	**Teorainn Ioncaim Sheachtainiúil 2011 €**
1 leanbh amháin	506	**506**
2 leanaí	602	**602**
3 leanaí	703	**703**
4 leanaí	824	**824**
5 leanaí	950	**950**
6 leanaí	1,066	**1,066**
7 leanaí	1,202	**1,202**
8 leanaí	1,298	**1,298**

Bearta eile tacaíochta leanaí nach mbeidh aon athrú orthu

- Ní bheidh aon athrú ar an Méadú do Leanbh Cáilithe a fhaigheann teaghlaigh atá ag brath ar íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh agus €29.80 in aghaidh na seachtaine i gceist
- Leanfar d'íocaíocht rátaí an Liúntais Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua ar ráta €200 le haghaidh leanaí idir 2-11 bhliain d'aois agus €305 le haghaidh leanaí atá idir 12-17 mbliana d'aois.
- Leanfar d'íocaíocht an Liúntais Cúram Baile ar ráta €309.50 in aghaidh na míosa, rud a íoctar maidir le leanaí áirithe faoi bhun 16 bliana d'aois a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth orthu.
- De réir mar atá leagtha amach thuas, ní bheidh aon athrú ar na tairseacha ioncaim sheachtainiúil le haghaidh Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh.

RÁTAÍ ÍOCAÍOCHTA ATHBHREITHNITHE LE HAGHAIDH DAOINE FAOI BHUN 66 BLIAIN D'AOIS

	Rátaí Pearsanta		Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe (faoi bhun 66 bliain d'aois)	
	Rátaí Faoi Láthair €	**Rátaí 2011 €**	**Rátaí Faoi Láthair €**	**Rátaí 2011 €**
Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh				
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta/Sochar Breoiteachta/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	196.00	**188.00**	130.10	**124.80**
Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir/Sochar Banchéile Tréigthe	201.50	**193.50**		
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	213.00	**205.00**		
Pinsean Easláine	201.50	**193.50**	143.80	**138.10**
Pinsean Míthreorach	227.00	**219.00**		
Pinsean Sochar Báis	226.50	**218.50**		
Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh				
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta /Cúnamh Feirme/Liúntas Réamhscoir	196.00	**188.00**	130.10	**124.80**
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	196.00	**188.00**		
Liúntas Leasa Forlíontach	196.00	**186.00**	130.10	**124.80**
Pinsean (Neamh-ranníocach) Baintrí/ Baintreach Fir/ Liúntas Banchéile Tréigthe/Liúntas Banchéile Príosúnaigh	196.00	**188.00**		
Liúntas Cúramóra	212.00	**204.00**		
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall	196.00	**188.00**	130.10	**124.80**
Íocaíochtaí Eile Leasa Shóisialaigh				
Sochar Máithreachais/Uchtaíoch (ráta íosta) **(ráta uasta)**	225.80 270.00	**217.80** **262.00**		
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)/(Neamh-ranníocach)	169.00	**161.00**		

Daoine in Aois Oibre (faoi bhun 66 bliain d'aois)

An Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus an Liúntas Leasa Forlíontach

- Ní bheidh aon athrú ar ráta an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ná an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh a íoctar le daoine idir 18 agus 21 bliain d'aois, rud a íoctar ar ráta €100 in aghaidh na seachtaine.
- Tá laghdú á dhéanamh ar ráta an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó ráta an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh a íoctar le faighteoirí atá 22, 23 agus 24 bliain d'aois go €144 in aghaidh na seachtaine, rud a bheidh i bhfeidhm ó Eanáir 2011.

Scéim Shóisialta Tuaithe agus Scéim Fostaíochta Pobail (FP)

- Déanfar athbhreithniú ar rátaí i gcomhréir leis na hathruithe ar rátaí leasa shóisialaigh (€208 do dhuine singil).

Sochair Cóireála

- Leanfaidh an scéim Sochar Cóireála de bheith faoi theorainn scrúduithe atá saor in aisce a ndéantar soláthar dóibh faoi Shochair Dhéadacha agus Optúla. Coinneofar deontais áiseanna éisteachta atá iníoctha faoin scéim seo go hiomlán

Forlíonadh Cíosa

- Déanfar leasú ar Scéim an Fhorlíonta Chíosa. Cuimseoidh sé seo ranníocaíocht bhreise €2 in aghaidh na seachtaine ó fhaighteoirí áirithe leasa shóisialaigh le haghaidh chostas an chíosa agus é de dhroim an laghdaithe ar an ráta pearsanta de Liúntas Leasa Forlíontach.

Tacaí do dhaoine faoi mhéala nach bhfuil aon athrú orthu

- Ní bheidh aon athrú ar rátaí an Deontais do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í (€6,000) ná ar an Deontas Méala (€850).

Samplaí de thacaí bliantúla leasa shóisialaigh atá ar fáil le haghaidh daoine éagsúla

	Ráta Pearsanta	Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe (os cionn 66)	Saorthaisteal (luach meánach)	Iomlán	Méaduithe Breise Féideartha			
					Méadú Maireachtála Aonair	Liúntas Breosla (gan Breosla Gan Toit san áireamh)	Méadú os cionn 80	Sochair Teaghlaigh
Pinsean Stáit do Phinsinéir Singil (Ranníocach)	€11,975.60	€0.00	€113	€12,088.60	€400.40	€640.00	€520	€996
Pinsean Stáit do Lánúin Pinsinéirí (Ranníocach)	€11,975.60	€10,727.60	€226	€22,929.20	€0.00	€640.00	€520	€996
Pinsean Stáit do Phinsinéir Singil (Neamh-ranníocach)	€11,388.00	€0.00	€113	€11,501.00	€400.40	€640.00	€520	€996

Lánúin Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta – gan tuilleamh, beirt leanbh (duine amháin faoi bhun 11, duine amháin os cionn 11)	**Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus MLC**	**Sochar Linbh**	**Liúntas Breosla (gan Breosla Gan Toit san áireamh)**	**Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua x 2**	**Iomlán**
	€19,364.80	€3,360	€640.00	€505	€23,869.80

Tuismitheoir Aonair – glantuilleamh €145 in aghaidh na seachtaine, 1 leanbh amháin faoi bhun 11 bhliain	**Glantuilleamh**	**Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus MLC**	**Sochar Linbh**	**Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua x 1**	**Iomlán**	**Méadú Féideartha Breise**
						Liúntas Breosla (gan Breosla Gan Toit san áireamh)
	€7,540.00	€11,325.60	€1,680	€200	€20,745.60	€640.00

Is féidir le tuismitheoirí aonair suas le €425 in aghaidh na seachtaine a thuilleamh agus cuid mhór dá nÍocaíocht Teaghlach Aontuismitheora a choinneáil go fóill.

Lánúin faoi bhun 66 bliain d'aois, fear céile ag fáil Liúntas Míchumais, gan leanaí, céile ag fáil Liúntas Cúramóra ar leathráta	**Ráta pearsanta agus Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe**	**Liúntas Cúramóra ar leathráta**	**Deontas Cúram Faoisimh**	**Liúntas Breosla (gan Breosla Gan Toit san áireamh)**	**Sochair Teaghlaigh agus Saorthaisteal**	**Iomlán**
	€16,265.60	€5,304	€1,700	€640.00	€1,109.00	€25,018.60

Lánúin ag obair (ar bheagán ioncaim), 4 leanaí (Beirt faoi bhun 11, beirt os cionn 11)	**Glantuilleamh**	**Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)**	**Sochar Linbh**	**Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua x 4**	**Iomlán**	**Ioncam ó Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh**
	€28,600	€8,580	€7,488	€1,010	€45,678	€17,078

Tá na samplaí thuas luaite ar mhaithe le cuspóirí léiritheacha amháin. D'fhéadfadh cásanna difriúla a bheith ag daoine éagsúla. D'fhéadfadh an t-éilitheoir a bheith i dteideal Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Ús Morgáiste chomh maith agus é faoi réir a c(h)áis féin.